— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na costais go léir a bhaineann leis na himeachtaí seo a íoc, i gcomhréir le hAirteagal 134(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

I dtaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin.

An t-aon saincheist dlí amháin, lena n-éilítear gur sháraigh Poblacht Arabach na Siria a cuid oibleagáidí conarthacha faoi Airteagail 3.01 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi na tráthchodanna eile faoin gComhaontú Iasachta a íoc de réir mar a d'éirigh siad dlite, ón 9 Lúnasa 2017 amach, agus faoi Airteagal 3.02 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi ús mainneachtana a íoc ar gach tráthchuid a bhí dlite uaithi ach nár íoc sí, arna fhabhrú de réir an ráta bhliantúil a leagtar síos ann. Dá bharr sin, tá Poblacht Arabach na Siria faoi cheangal conarthach na suimeanna go léir a íoc atá dlite faoi Airteagail 3.01, 3.02 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta (arna seachú chuig na héilimh ón mBanc).

---

**Caingean arna tabhairt an 22 Iúil 2022 – BEI v an tSiria**

**(Cás T-466/22)**

(2022/C 359/107)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* an Banc Eorpach Infheistíochta (ionadaithe: D. Arts agus E. Paredis, Dlíodóirí, T. Gilliams, R. Stuart agus F. de Borja Oxangoiti Briones, i gcáil Gníomhairí)

*Cosantóir:* Poblacht Arabach na Siria

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na suimeanna go léir a íoc atá dlite don iarratasóir faoi Airteagail 3.01, 3.02, agus 3.04 den Chomhaontú Iasachta "Tall Kojak Road Project Special Term" ("an Comhaontú Iasachta") ón 25 Lúnasa 2017 amach, arb é atá ann:

  — EUR 233 051,96, an méid atá dlite don Aontas amhail an 30 Meitheamh 2022, eadhon príomhshuim dár luach EUR 200 900,30, ús dár luach EUR 2 014,25, agus ús mainneachtana conarthach dár luach EUR 30 137,41 (arna fhabhrú ón dáta dlite ar aghaidh go dtí an 30 Meitheamh 2022).

  — ús mainneachtana conarthach eile, arna bhfabhrú ar ráta bliantúil 3,5 % (350 bonnphointe) go dtí go mbeidh an íocaíocht déanta.

— a ordú do Phoblacht Arabach na Siria na costais go léir a bhaineann leis na himeachtaí seo a íoc, i gcomhréir le hAirteagal 134(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

I dtaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin.

An t-aon saincheist dlí amháin, lena n-éilítear gur sháraigh Poblacht Arabach na Siria a cuid oibleagáidí conarthacha faoi Airteagail 3.01 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi na tráthchodanna eile faoin gComhaontú Iasachta a íoc de réir mar a d'éirigh siad dlite, ón 25 Lúnasa 2017 amach, agus faoi Airteagal 3.02 den Chomhaontú Iasachta, lena gcuirtear ceangal uirthi ús mainneachtana a íoc ar gach tráthchuid a bhí dlite uaithi ach nár íoc sí, arna fhabhrú de réir an ráta bhliantúil a leagtar síos ann. Dá bharr sin, tá Poblacht Arabach na Siria faoi cheangal conarthach na suimeanna go léir a íoc atá dlite don iarratasóir faoi Airteagail 3.01, 3.02 agus 4.01 den Chomhaontú Iasachta.

---